**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2020/2021(INI)**

17.7.2020

# TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an ábhar 'I dtreo margadh aonair inbhuanaithe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí'
(2020/2021(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Pascal Canfin

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfáth gur cheart do phlean téarnaimh nua AE a áirithiú nach n-úsáidfear cistí AE don téarnamh ach ar bhealach atá i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún go leagfaí amach treoirlínte AE do na Ballstáit maidir le conas a bpleananna infheistíochta náisiúnta a cheapadh ionas go bhfuil siad comhsheasmhach leis an gComhaontú Glas don Eoraip, le Comhaontú Pháras agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún freisin treoirlínte AE a dhréachtú maidir le dálaí glasaithe i ndáil leis na billiúin de státchabhair a dheonaítear do mhórchuideachtaí tar éis ghéarchéim COVID-19; á chur i bhfáth gur cheart go bhfágfadh an plean téarnaimh agus na treoirlínte sin gur féidir le AE a gheilleagar a shábháil agus a bhunathrú (i.e. AE a thógáil as an ngéarchéim agus dlús a chur leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus an gheilleagair chiorclaigh), gan duine ar bith a fhágáil chun deiridh;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de thionscnaimh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí arna sainaithint sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, chun leanúint den chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, na cailliúna bithéagsúlachta agus an díghrádaithe comhshaoil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cur i gcoinne aon togra lena moltar tabhairt isteach caighdeán níos déine nó comhlíonadh na n-oibleagáidí atá leagtha síos cheana a chur siar; á mheas gur cheart go mbeadh aon togra den sórt sin faoi réir grinnscrúdú criticiúil, agus leasanna tráchtála na gcuideachtaí lena mbaineann, chomh maith le leasanna sóisialta níos leithne, á gcur san áireamh, agus cuspóirí na fostaíochta iomláine agus dul chun cinn sóisialta á saothrú acu;

3. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé slabhraí soláthair a ghiorrú agus spleáchas ar thríú tíortha a laghdú in earnálacha ríthábhachtacha amhail táirgeadh táirgí íocshláinte, fuinnimh agus bia, go háirithe trí sholáthar poiblí glas agus sóisialta agus srianta ar allmhairiú táirgí a tháirgtear faoi chaighdeáin ísle saothair agus chomhshaoil;

4. á chur i bhfáth gur cheart na tograí reachtacha atá ar na bacáin chun margadh aonair níos inbhuanaithe a chur chun cinn do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí a bheith ailínithe go hiomlán leis an gcuspóir ó thaobh an téamh domhanda a theorannú go dtí faoi bhun 1.5 °C, agus nár cheart go gcuirfidís le cailliúint na bithéagsúlachta;

5. á mheabhrú di gurb é an tAontas an dara cumhacht eacnamaíoch is mó ar domhan agus an chumhacht trádála is mó ar domhan; á chur i bhfios gur uirlis chumhachtach é an margadh aonair nach mór a úsáid chun táirgí nó teicneolaíochtaí inbhuanaithe agus ciorclacha a fhorbairt a bheidh ina gcaighdeáin amach anseo, rud a chuirfidh ar chumas na saoránach táirgí inacmhainne a cheannach atá níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos measúla ar an bpláinéad;

6. ag cur béim ar an bhfíoras go gcruthófar deiseanna gnó agus poist nua leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí agus leis an aistriú chuig geilleagar

fíorchiorclach agus margadh aonair inbhuanaithe agus gur féidir leis sin, dá bhrí sin, cur go mór le téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe;

7. san aistriú chuig geilleagar ciorclach agus aeráidneodracht faoi 2050 ar a dhéanaí, á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit measúnú cuí ar riachtanais fostaíochta, lena n-áirítear ceanglais oideachais agus oiliúna, forbairt an gheilleagair a chur chun cinn agus go ndéanfaidh siad a ndícheall chun aistriú cothrom cóir a bhaint amach;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul i dteagmháil le gach cuid den tsochaí agus gach geallsealbhóir, lena n-áirítear saoránaigh nó tomhaltóirí, eagraíochtaí tomhaltóirí agus neamhrialtasacha, gnóthaí, ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe chun gur féidir leo gníomhú i dtreo margadh aonair inbhuanaithe a bhaint amach, agus an chumhacht a thabhairt dóibh lena aghaidh sin;

9. á chur i bhfios gur cheart táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe araon a chur chun cinn; á mheas i ndáil leis sin gur cheart éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú trí chiorclaíocht na slabhraí luacha a mhéadú, tomhaltas acmhainní a laghdú, glacadh amhábhar tánaisteach a mhéadú, giniúint dramhaíola a íoslaghdú agus na bearta a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE a chur i bhfeidhm ina n-iomláine, lena n-áirítear trí ábhar na substaintí guaiseacha a laghdú; á chur i bhfáth gur cheart geilleagar nua comhdhéanta de sheirbhísí ciorclacha a fhorbairt;

10. á iarraidh ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i bpleanáil níos sistéamaí chun próisis táirgthe a cheapadh inar féidir dramhaíl ó phróiseas agus sruth táirgthe amháin a úsáid go héifeachtúil mar acmhainn i bpróiseas táirgthe eile;

11. á mheas go mbeadh poitéinseal maith ann cur le hinbhuanaitheacht an mhargaidh aonair i samhlacha táirge mar sheirbhís ar cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu freisin;

12. á chur i bhfáth nach féidir le AE, mar chuid de gheilleagar an-domhandaithe, teacht chun bheith ina mhargadh inbhuanaithe leithlisithe má tá sé ina chúis le cleachtais neamh-inbhuanaithe lasmuigh dá theorainneacha nó ag rannchuidiú leo; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta claochlaitheacha a thabhairt isteach maidir le hinbhuanaitheacht táirgí, acmhainní agus seirbhísí a onnmhairítear lasmuigh den Aontas, chun na caighdeáin agus an chiorclaíocht chéanna inbhuanaitheachta a áirithiú;

13. á iarraidh ar gach cuideachta agus eagraíocht clárú le Scéim AE um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht (EMAS) chun a bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú; ag tnúth leis an athbhreithniú atá ar na bacáin ar an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, ar cheart dó feabhas suntasach a chur ar infhaighteacht na faisnéise maidir le feidhmíocht chomhshaoil cuideachtaí;

14. á iarraidh go ndéanfaí leathnú ar an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht chun a chinntiú go bhfuil gach táirge agus pacáistiú a chuirtear ar mhargadh AE in-uasghrádaithe, in-athúsáidte, indeisithe agus ar deireadh thiar in-athchúrsáilte ar an leibhéal is airde, ionas nach ndéanfar luach an ábhair a dhíghrádú; ní mór an méid sin a bheith bunaithe ar fhreagracht leathnaithe an táirgeora;

15. á chur i bhfáth gur cheart ceanglais dhiana a bhunú ar bhonn dícheall cuí chun a áirithiú

nach gcuirfear aon táirgí atá ina gcúis le díghrádú comhshaoil nó le sárú ar chearta an duine ar mhargadh an Aontais;

16. ag aithint go bhfuil sé ríthábhachtach go n-athróidh an scéal sna tionscail 'ó chliabhán go huaigh' go dtí 'cliabhán go cliabhán', agus go neartófar an inbhuanaitheacht ag gach céim de na slabhraí soláthair, as a dtiocfaidh inbhuanaitheacht chomhshaoil agus shóisialta sa táirge deiridh, agus i monarú a chomhpháirteanna go léir agus in eastóscadh na n-amhábhar;

17. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go n-áiritheofar go mbeidh an 'rogha inbhuanaithe' ina rogha réamhshocraithe – atá tarraingteach, inacmhainne agus inrochtana – do thomhaltóirí uile in AE a luaithe is féidir; á chur in iúl gur geal léi i ndáil leis an méid sin go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún creat a fhorbairt do bheartas maidir le táirgí inbhuanaithe lena neartófar agus lena leathnófar an éicidhearthóireacht, i measc bearta eile, chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht táirgí trí cheanglais réamh-mhargaidh; á iarraidh ar an gCoimisiún na híoscheanglais agus íos-spriocanna feidhmíochta a shainiú – lena n-áirítear trí íostréimhsí a fhorchur ó thaobh páirteanna spártha a sholáthar de réir na catagóire táirgí mar aon le huastréimhsí seachadta réasúnta – maidir le dearadh, táirgeadh agus margú na dtáirgí atá inbhuanaithe agus sábháilte, oiriúnach lena n-ilúsáid, atá marthanach go teicniúil agus furasta le deisiú, nach bhfuil substaintí guaiseacha iontu, agus, nuair a bheidh siad ina ndramhaíl agus i ndiaidh a n-ullmhaithe lena n- athúsáid nó lena n-athchúrsáil, atá oiriúnach lena gcur ar fáil nó lena gcur ar an margadh chun cur chun feidhme cuí ord na réiteach dramhaíola a éascú; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le huirlisí eacnamaíocha lena dtugtar buntáiste eacnamaíoch don 'rogha inbhuanaithe' agus iad a fhorbairt;

18. á chur i bhfáth go nglactar leis le saolré níos faide do tháirgí go nglacfar bearta lena gcuirfear toirmeasc ar dhífheidhmeacht chláraithe; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar na tuairiscí go ndeartar táirgí amhail fóin chliste d'aon ghnó chun go mbeidh saol úsáideach an-ghearr acu agus bearta a mholadh chun toirmeasc a chur ar an bhfeiniméan sin;

19. á chur i bhfáth gur cheart gurb é an cosc, mar a shainmhínítear sa Treoir Réime Dramhaíola é, an chéad tosaíocht, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola;

20. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh tomhaltóirí in ann a bheith rannpháirteach go hiomlán san aistriú éiceolaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí reachtacha a fhorbairt maidir leis na huirlisí is gá chun an sprioc sin a bhaint amach, lena n-áirítear trína cheangal go mbeadh faisnéis níos fearr faoi tháirgí ann trí lipéadú éigeantach maidir le marthanacht agus indeisitheacht táirge (saolré ionchasach, infhaighteacht páirteanna spártha, etc.), tríd an marthanacht agus an indeisitheacht a shainiú mar phríomhthréithe táirge faoi Threoracha 2011/83/AE agus 2005/29/AE, trí fheabhas a chur ar mhodheolaíochtaí chun éilimh ghlasa a fhíorú sula gcuirfear táirge ar an margadh, trí shíneadh a chur leis na ráthaíochtaí dlíthiúla atá ailínithe le saolré mheasta catagóire táirgí agus sainmhínithe, trí thoirmeasc a chur ar chleachtais a bhfuil sé d'aidhm acu saolré táirge a ghiorrú d'aon ghnó, amhail cosc a chur ar dheisiú ag céim an deartha nó moilliú a chur san fheidhmíocht i ndiaidh nuashonrú bogearraí (dífheidhmeacht phleanáilte), agus trí bhaol an tsnasa ghlais a chosc, trína gcur le hIarscríbhinn I de Threoir 2005/29;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún an ceart a ráthú do dhaoine san Aontas Eorpach a gcuid earraí a dheisiú ar phraghas inacmhainne trí bhíthin sraith beart sonrach, amhail an oibleagáid faisnéis a sholáthar tráth an cheannaigh maidir le hinfhaighteacht agus praghas na bpáirteanna spártha agus cá fhad a thógann sé iad a dheisiú, rochtain neamh-idirdhealaitheach ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil a chur ar fáil do na gníomhaithe deisiúcháin go léir, tomhaltóirí san áireamh, an caighdeánú a chur chun cinn chun idir-inoibritheacht páirteanna spártha a chothú, tríthús áite a thabhairt do dheisiú ar athsholáthar trí dhreasachtaí spriocdhírithe, agus tacú le seirbhísí deisiúcháin trí dhreasachtaí airgeadais a chur ar fáil; á thabhairt chun suntais gur cheart uirlisí den sórt sin a bheith bunaithe ar chritéir fhónta chomhshaoil, lena gcuirtear ar chumas tomhaltóirí measúnú a dhéanamh go cruinn ar thionchar comhshaoil na dtáirgí ar bhonn a saolré, a loirg comhshaoil, na tréimhse a mhaireann siad agus a gcáilíochta; ag cur béim ar an bhfíoras, áfach, nach bhfuil i gceist le tomhaltas inbhuanaithe a spreagadh ach gné amháin den tsaincheist agus gur cheart tús a chur leis an aistriú chuig ciorclaíocht ag céim an táirgthe agus na héicidhearthóireachta;

22. ag tabhairt dá haire go bhfuil tábhacht ag baint le margadh inmheánach dea-fheidhmiúil le haghaidh bainistiú dramhaíola agus ag cur béim ar an ngá atá le tuilleadh feabhais a chur ar dhálaí an mhargaidh i ndáil le hathchúrsáil; chuige sin, á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an feabhas sin a éascú, lena n-áirítear trí thograí reachtacha chun comhchuibhiú rialála níos fearr a áirithiú;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt go leormhaith ar dhécháilíocht táirgí agus a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine sna Ballstáit ar an gcáilíocht chéanna ó thaobh earraí bia agus táirgí eile de, agus go mbeidh cearta comhionanna tomhaltóirí acu, amhail an ceart chun deisiúcháin, gan beann ar an mBallstát ina bhfuil cónaí orthu;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis faoi tháirgí a chur chun cinn atá inchomparáide agus comhchuibhithe, lena n-áirítear lipéadú deonach táirgí, do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon, bunaithe ar shonraí crua agus ar thaighde tomhaltóirí agus i gcomhairliúchán iomlán leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, agus ualach iomarcach ar FBManna a sheachaint ag an am céanna;

25. á iarraidh go nglacfaí ceanglais éicidhearthóireachta don réimse is leithne táirgí, á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh ceanglais éicidhearthóireachta éigeantach, á iarraidh ceanglais éicidhearthóireachta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí neamhfhuinnimh a bhfuil tionchar tábhachtach acu ar an gcomhshaol, amhail teicstílí agus troscán;

26. á iarraidh córais taisce éigeantacha a thabhairt isteach agus a úsáid amhail na córais a cruthaíodh le haghaidh buidéal, a fhágann gur féidir cáilíocht an ábhair a choinneáil ar an leibhéal céanna, a bheag nó a mhór, ó aon úsáid amháin go dtí an chéad úsáid eile;

27. á mholadh go bhforbrófaí treoirlínte agus caighdeáin shoiléire maidir le héilimh agus gealltanais ghlasa a bhfuil éicilipéid mar thoradh orthu; ag tnúth leis an togra reachtach atá beartaithe maidir le bunús a thabhairt d’éilimh ghlasa; á mheas, trí thrédhearcacht agus treoir a chur ar fáil do na tomhaltóirí trí fhaisnéis agus éicilipéadú atá cruinn agus cuntasach, go mbeidh muinín níos mó ag tomhaltóirí as táirgí agus as margaí, rud a mbeidh tomhaltas inbhuanaithe mar thoradh air ar deireadh;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcreat le haghaidh dramhaíl shórtáilte a loingsiú agus a athchúrsáil laistigh agus lasmuigh de AE i gcomhréir leis an Treoir Réime Dramhaíola chun dálaí eacnamaíocha inmharthana a éascú i margaí athchúrsála AE agus chun cosaint éifeachtach an chomhshaoil a áirithiú nuair a sheoltar dramhaíl lasmuigh de AE;

29. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an earnáil phríobháideach rannpháirteach mar gheallsealbhóir freagrach san aistriú chuig geilleagar níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí; ag tabhairt dá haire go bhfuil cleachtais thionsclaíocha inbhuanaithe agus chiorclacha ríthábhachtach chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach;

30. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉicilipéid chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis do thomhaltóirí maidir le hindeisitheacht, infhaighteacht agus inacmhainneacht na bpáirteanna spártha agus na roghanna 'déan féin é';

31. ag tabhairt dá haire go bhfuil ról ríthábhachtach ag an earnáil bainistithe dramhaíola phríobháideach i neartú an gheilleagair chiorclaigh, arb ionann í agus 60 % de sciar margaidh na dramhaíola teaghlaigh agus 75 % de sciar margaidh na dramhaíola tionsclaíche agus tráchtála; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíochtaí a spreagadh laistigh den earnáil phríobháideach, agus arna ndéanamh ag an earnáil sin, chun an bainistiú inbhuanaithe dramhaíola a dhreasú tuilleadh agus tacú leis an éileamh ar athchúrsáil agus ar tháirgí ina bhfuil ábhair athchúrsáilte;

32. á iarraidh ar an gCoimisiún glacadh na n-ábhar athchúrsáilte a chur chun cinn trí chur leis na tionscnaimh atá ann cheana agus trí thionscnaimh nua ón tionscal agus ó gheallsealbhóirí a chur chun cinn;

33. á mheas go soláthraíonn an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht acmhainneacht shuntasach neamhshaothraithe chun éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme agus athbhreithniú na mbeart le haghaidh na dtáirgí sin is mó acmhainneacht ó thaobh coigiltis fuinnimh phríomhúla agus an gheilleagair chiorclaigh de; á iarraidh go ndéanfaí grinnanailís chórasach ar acmhainneacht an gheilleagair chiorclaigh le linn réamhstaidéar chun na bearta éicidhearthóireachta a leathnú chuig catagóirí eile táirgí;

34. á chur i bhfáth go bhfuil ról ag an Soláthar Poiblí Glas (SPG) i ndlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus inbhuanaithe agus go bhfuil tábhacht le SPG a chur i bhfeidhm le linn théarnamh eacnamaíoch AE; ag meabhrú ghealltanais an Choimisiúin tuilleadh reachtaíochta a mholadh maidir le SPG, agus á iarraidh ar an gCoimisiún togra uaillmhianach a dhéanamh lena méadófaí go mór an úsáid a bhaintear as SPG, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ionas go mbeidh an rogha ghlas ina rogha réamhshocraithe i ngach soláthar poiblí, agus 'comhlíon nó mínigh' ann, ionas nach bhféadfaí é sin a dhíolmhú ach amháin ar fhorais inghlactha;

35. ag léiriú gur gá na slabhraí luacha domhanda a éagsúlú trí rialacha nua maidir le ríomhthráchtáil a thabhairt isteach, tríd an gComhaontú maidir le hEarraí Comhshaoil a chur i gcrích, a bhfuil an poitéinseal aige úsáid earraí comhshaoil a spreagadh, agus trí athchóiriú a dhéanamh ar chearta maoine intleachtúla ar an leibhéal idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar an iomaíochas agus chun saothar cruthaitheach agus an nualaíocht a

chosaint agus a chúiteamh, d'fhonn margadh aonair atá an-inbhuanaithe a bhaint amach;

36. á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh an ceart ag gach tomhaltóir táirgí sábháilte a fháil nach ndéanann díobháil don chomhshaol ná do shláinte an duine; á iarraidh go ndéanfaí substaintí guaiseacha a úsáidtear sa mhargadh aonair a chéimniú amach agus toirmeasc a chur orthu go tapa agus go héifeachtach; á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis sin maidir le substaintí a bhfuil airíonna acu ar suaiteoirí inchríneacha iad; á chur i bhfáth gur gá an fhorbairt ar an margadh aonair inbhuanaithe a bheith bunaithe ar gheilleagar ciorclach neamhthocsaineach agus comhshaol nach n-úsáidtear nó nach n-athchúrsáiltear substaintí guaiseacha ann a chruthú;

37. á mheas go bhfuil sé tábhachtach go méadófaí feasacht an phobail ar chearta tomhaltóirí agus ar an tábhacht a bhaineann le tomhaltas inbhuanaithe táirgí agus seirbhísí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an fheasacht sin a éascú trí ardán le haghaidh dea-chleachtais a mhalartú lena n-áirítear saoránaigh agus ionadaithe ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, údaráis áitiúla, lucht acadúil, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí tomhaltóirí, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain ag na saoránaigh ar fhaisnéis atá sothuigthe agus cuimsitheach.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 16.7.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nikos Androulakis, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurelia Beigneux, Monika Beňová, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Miriam Dalli, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Bas Eickhout, Eleonora Evi, Agnès Evren, Fredrick Federley, Andreas Glück, Catherine Griset, Jytte Guteland, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Dan-Ştefan Motreanu, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Jessica Polfjärd, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Linea Søgaard-Lidell, Nicolae Ştefănuță, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Billy Kelleher |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Margarita de la Pisa Carrión, Veronika Vrecionová |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 43 | + |
|---|---|
| EPP | Michal WIEZIK |
| S&D | Nikos ANDROULAKIS, Marek Paweł BALT, Monika BEŇOVÁ, Simona BONAFÈ, Delara BURKHARDT, Sara CERDAS, Mohammed CHAHIM, Tudor CIUHODARU, Miriam DALLI, Jytte GUTELAND, Javi LÓPEZ, César LUENA, Alessandra MORETTI, Sándor RÓNAI, Günther SIDL, Petar VITANOV, Tiemo WÖLKEN |
| RENEW | Pascal CANFIN, Fredrick FEDERLEY, Andreas GLÜCK, Martin HOJSÍK, Billy KELLEHER, Frédérique RIES, María Soraya RODRÍGUEZ RAMOS, Nicolae ŞTEFĂNUȚĂ, Linea SØGAARD-LIDELL, Véronique TRILLET-LENOIR |
| GREENS/EFA | Margrete AUKEN, Bas EICKHOUT, Pär HOLMGREN, Yannick JADOT, Tilly METZ, Ville NIINISTÖ, Grace O'SULLIVAN, Jutta PAULUS |
| EUL/NGL | Malin BJÖRK, Anja HAZEKAMP, Petros KOKKALIS, Silvia MODIG, Mick WALLACE |
| NI | Eleonora EVI, Athanasios KONSTANTINOU |

| 6 | - |
|---|---|
| ID | Simona BALDASSARRE, Marco DREOSTO, Sylvia LIMMER, Luisa REGIMENTI, Silvia SARDONE |
| ECR | Rob ROOKEN |

| 28 | 0 |
|---|---|
| EPP | Bartosz ARŁUKOWICZ, Traian BĂSESCU, Alexander BERNHUBER, Nathalie COLIN-OESTERLÉ, Christian DOLESCHAL, Agnès EVREN, Adam JARUBAS, Ewa KOPACZ, Esther de LANGE, Peter LIESE, Fulvio MARTUSCIELLO, Liudas MAŽYLIS, Dolors MONTSERRAT, Dan-Ştefan MOTREANU, Ljudmila NOVAK, Jessica POLFJÄRD, Christine SCHNEIDER, Edina TÓTH, Pernille WEISS |
| ID | Aurelia BEIGNEUX, Catherine GRISET, Joëlle MÉLIN |
| ECR | Sergio BERLATO, Margarita DE LA PISA CARRIÓN, Joanna KOPCIŃSKA, Alexandr VONDRA, Veronika VRECIONOVÁ, Anna ZALEWSKA |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
 : staonadh